Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2024/2053(INI)

17.03.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2024
(2024/2053(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Francisco Assis

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 11

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2024
(2024/2053(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 15, 126, 174, 175, 177, 208, 209, 271, 308 agus 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus do Phrótacal (Uimh. 5) a ghabhann leis maidir le Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI),

– ag féachaint d'Airteagail 41 go 43 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Thuarascáil 2024 ar Ghníomhaíochtaí Ghrúpa BEI an 30 Eanáir 2025 dar teideal *Priorities for prosperity* [Tosaíochtaí don rathúnas],

– ag féachaint do Thuarascáil Infheistíochta 2024/2025 ó BEI an 5 Márta 2025 dar teideal *Innovation, integration and simplification in Europe* [Nuálaíocht, lánpháirtiú agus simpliú san Eoraip],

– ag féachaint do Threochlár Straitéiseach 2024-2027 Ghrúpa BEI an 21 Meitheamh 2024,

– ag féachaint do Phlean Oibríochtúil 2024-2026 Ghrúpa BEI an 9 Feabhra 2024 agus do Phlean Oibríochtúil 2025-2027 Ghrúpa BEI an 30 Eanáir 2025,

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2025/504 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Prótacal Uimh. 5 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta[1],

– ag féachaint don litir ó Uachtarán BEI, Nadia Calviño, chuig ceannairí an Aontais an 4 Márta 2025,

– ag féachaint do thuarascáil an 9 Meán Fómhair 2024 ó Mario Draghi dar teideal *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa],

– ag féachaint do thuarascáil an 17 Aibreán 2024 ó Enrico Letta dar teideal *Much more than a market* [Margadh Thar an gCoitiantacht],

– ag féachaint do thuarascáil an 25 Aibreán 2024 ó Christian Noyer dar teideal *Developing European capital markets to finance the future* [Margaí caipitil na hEorpa a fhorbairt chun an todhchaí a mhaoiniú],

– ag féachaint do thuarascáil an 30 Deireadh Fómhair 2024 ó Sauli Niinistö dar teideal *Safer together – strengthening Europe's civilian and military preparedness and*

[1] IO L, 2025/504, 14.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/504/oj.

preparedness [Níos Sábháilte le Chéile – Ullmhacht Shibhialtach agus Mhíleata na hEorpa a Neartú],

– ag féachaint do Threosuíomh um Comhtháthú 2021-2027 ó BEI an 13 Deireadh Fómhair 2021,

– ag féachaint don tríú tuarascáil bhliantúil de chuid BEI an 15 Iúil 2024 ar ghníomhaíochtaí Ghrúpa BEI i réigiúin chomhtháthaithe an Aontais,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017[2],

– ag féachaint do ialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir[6],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle[7],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1017, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/1153 a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht ráthaíocht an Aontais faoi Rialachán (AE) 2021/523 a mhéadú agus ceanglais tuairiscithe a shimpliú (COM(2025)0084),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 dar teideal ‘Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach’ (COM(2025)0030),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 dar teideal ‘Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025’ (COM(2025)0045),

[2] IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj.
[3] IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj.
[4] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
[5] IO L 231, 30.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1056/oj.
[6] IO L 274, 30.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1229/oj.
[7] IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2025 dar teideal ‘An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile’ (COM(2025)0046),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2025 dar teideal ‘An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’ (COM(2025)0085),

– ag féachaint do Thuarascáil Ar Dhul Chun Cinn 2023 ó Ghrúpa BEI ar Threochlár an Bhainc Aeráide an 25 Iúil 2024,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,

– ag féachaint do phreaseisiúint BEI an 6 Márta 2025 dar teideal *European Commission and EIB group lay foundations for a new pan-European investment platform for affordable and sustainable housing* [Déanann an Coimisiún Eorpach agus grúpa BEI bonn a leagan d’ardán nua infheistíochta uile-Eorpach le haghaidh tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe],

– ag féachaint do na ‘Príomhthorthaí ó anailís agus ó chomhairliúchán le geallsealbhóirí a rinne Grúpa BEI’, a tíolacadh ag seimineár BEI maidir le tithíocht an 18 Iúil 2024,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2025 dar teideal *Action Plan for Affordable Energy Unlocking the true value of our Energy Union to secure affordable, efficient and clean energy for all Europeans* [Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne, Fíorluach ár nAontais Fuinnimh a dhíghlasáil chun fuinneamh inacmhainne, éifeachtúil agus glan a áirithiú do gach Eorpach] (COM/2025/0079),

– ag féachaint do Plean Gníomhaíochta um Shlándáil agus Cosaint Ghrúpa BEI a tíolacadh ag cruinniú na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais i Lucsamburg an 12 Aibreán 2024,

– ag féachaint do liosta nuashonraithe BEI an 14 Iúil 2022 maidir le hincháilitheacht, gníomhaíochtaí eisiata agus earnálacha eisiata,

– ag féachaint don phreasráiteas ó Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, maidir leis an bpacáiste cosanta (Plean Rearm Europe) an 4 Márta 2025,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus do Bheartas Slándála an 1 Nollaig 2021 dar teideal *The Global Gateway* [The Global Gateway] (JOIN(2021)0030),

– ag féachaint do thuarascáil 2023-2024 ar an Tionchar Domhanda ó BEI an 13 Meitheamh 2024,

– ag féachaint don Chomhaontú Tríthaobhach idir an Coimisiún Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an Banc Eorpach Infheistíochta, a síníodh an 11 Samhain 2021,

– ag féachaint do na Nósanna Imeachta Sásra Gearán Ghrúpa BEI an 13 Samhain 2018,

– ag féachaint don doiciméad dar teideal *Diversity, Equity and Inclusion at the EIB Group* [Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú ag Grúpa BEI] an 14 Deireadh Fómhair 2024,

– ag féachaint don staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa dar teideal *Increasing European added value in an age of global challenges – Mapping the cost of non-Europe (2022-2032)* [Méadú ar an mbreisluach Eorpach i ré na ndúshlán domhanda – Costas na neamh-Eorpa a mhapáil (2022-2032)], a foilsíodh i mí Feabhra 2023,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil clár comhardaithe ag Grúpa BEI a bhfuil beagnach EUR 600 billiún i gceist leis;

B. de bhrí go bhfuil sé de chúram ar BEI, atá go hiomlán faoi úinéireacht na mBallstát, rannchuidiú a dhéanamh le cuspóirí an Aontais a ghnóthú;

C. de bhrí go luann BEI gur shroich a infheistíocht iomlán EUR 88.8 billiún, an leibhéal is airde riamh, in 2024, agus gur bhain EUR 50.7 billiún den mhéid sin leis an aeráid agus leis an gcomhshaol; de bhrí go meastar go dtiocfaidh méadú ar infheistíocht iomlán BEI go EUR 95 bhilliún in 2025;

Barúlacha ginearálta

1. á chur in iúl gur geal léi tosaíochtaí straitéiseacha BEI do 2024 go 2027, a léiríonn tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, lena n-áirítear iomaíochas, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, comhtháthú réigiúnach, bonneagar sóisialta amhail tithíocht, an t-oideachas agus an tsláinte, chomh maith le slándáil agus cosaint;

2. á thabhairt chun suntais go n-iarrtar go láidir ról níos mó fós a bheith ag BEI maidir le bearna infheistíochta na hEorpa a dhúnadh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar BEI an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht BEI; ag tathant ar na Ballstáit cistiú leordhóthanach a chur ar fail chun na críche sin; á mheabhrú go bhfuil sprioc leagtha síos ag an gCoimisiún nua dó féin a bheith ina ‘Choimisiún infheistíochta’;

3. á chur i bhfáth gur sócmhainn thábhachtach í rátáil ‘A triarach’ BEI; á chur i bhfios go láidir go n-eascraíonn an rátáil, as measc cúiseanna eile, as an bhfíoras go raibh BEI freagrúil do chuspóirí beartais an Aontais, go háirithe trí bheith ina ‘bhanc aeráide’[89];

4. á chur i bhfáth gur gá próisis agus sainorduithe BEI atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a shimpliú, a bharrfheabhsú agus a chomhdhlúthú chun sineirgí, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú;

An bhearna infheistíochta a dhúnadh agus iomaíochas a chothú

5. ag cur béim ar an ról tábhachtach atá ag Grúpa BEI mar chomhlacht infheistíochta uile-Eorpach maidir le maoiniú poiblí agus príobháideach araon a shlógadh do thosaíochtaí

[8] https://www.eib.org/en/investor-relations/index.
[9] https://www.eib.org/files/fi/external/2025-02-10_Ratings_EIB.pdf, p.3.

an Aontais agus tacaíocht á tabhairt aige do na Ballstáit chun infheistíochtaí bunriachtanacha agus straitéiseacha a mhaoiniú;

6. á mheabhrú go bhfuil oibríochtaí BEI teoranta ó thaobh cineáil de agus nach féidir leo ach ról tacaíochta a imirt chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna shuntasach infheistíochta; á athdhearbhú go dtacódh Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta níos comhtháite agus struchtúr eacnamaíoch neartaithe le hoibríochtaí BEI; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí dul chun cinn mear agus suntasach maidir le hAontas na Margaí Caipitil agus maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche, chomh maith le hionstraimí agus uirlisí buana infheistíochta an Aontais a bhunú;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Ghrúpa BEI feabhas a chur ar iarrachtaí chun slógadh a dhéanamh ar choigilteas le haghaidh infheistíochtaí táirgiúla, ag tacú leis an nuálaíocht le linn saolré cuideachtaí, lena n-áirítear cur le líon na ngnólachtaí atá ag méadú ag a bhfuil cothromas riosca níos airde agus fiachas fiontair, agus ceannaireacht an Aontais i mbannaí glasa agus i mbannaí digiteacha a neartú;

8. á chur i bhfáth go bhfuil sé léirithe gur cumhachtach an uirlis é dí-rioscú a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, de réir na meastóireachta eatramhaí ar chlár InvestEU, go bhféadfadh sé go rachadh imchlúdaigh le haghaidh go leor táirgí airgeadais in éag faoi dheireadh 2025 gan treisithe buiséadacha;

An t-aistriú digiteach a chur chun cinn

9. á iarraidh ar BEI maoiniú do neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais sa réimse digiteach a neartú agus bonneagar digiteach Eorpach, teicneolaíochtaí nua agus bunathraitheacha, agus taighde a chur chun cinn;

10. ag tacú le leathnú BEI ar Thionscnamh um Sheaimpíní Teicneolaíochta Eorpacha chun caipiteal príobháideach a mhealladh chun gnólachtaí nuathionscanta nuálacha a mhéadú ina gceannairí domhanda rathúla;

Ról BEI mar bhanc aeráide an Aontais a chomhdhlúthú

11. á chur in iúl gur geal léi ról BEI mar bhanc aeráide agus a ailíniú le creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais, lena n-áirítear comhtháthú na gcritéar tacsanomaíochta; á mheabhrú nach mór do shreafaí airgeadais uile BEI a bheith go hiomlán comhsheasmhach le sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050 agus le cuspóirí aeráide do 2030;

12. á chur in iúl gur geal léi infheistíochtaí aeráide agus comhshaoil BEI, arbh ionann iad agus EUR 50.7 billiún san iomlán in 2024, lena sáraítear an sprioc 50 % ar a laghad den mhaoiniú iomlán a dhíriú ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil;

13. á chur in iúl gur geal léi infheistíochtaí BEI san fhuinneamh in-athnuaite, san éifeachtúlacht fuinnimh, agus in eangacha agus stóráil leictreachais, lena n-áirítear a thacaíocht do REPowerEU;

14. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíocht mhéadaithe san oiriúnú don athrú aeráide agus san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide; á mholadh go ndéanfaí tuilleadh taighde agus forbartha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nuálacha, ar mhaithe le hullmhacht don aeráid;

Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa bhonneagar sóisialta, sa bheartas comhtháthaithe agus sa tithíocht

15. á chur in iúl gur geal léi croíthosaíochtaí straitéiseacha BEI chun bonneagar sóisialta na hEorpa agus beartas comhtháthaithe nua-aimseartha a threisiú le haghaidh fás cuimsitheach agus inbhuanaithe ar fud na hEorpa;

16. á iarraidh ar BEI dlús a chur le hinfheistíochtaí san oideachas, san oiliúint, san uas-sciliú agus san athsciliú, agus sa tsláinte, i gcomhréir le tuarascáil Draghi;

17. á chur in iúl gur geal léi gealltanas BEI aghaidh a thabhairt ar chliseadh dúbailte an mhargaidh san earnáil tithíochta, lena n-áirítear soláthar neamhleor tithíochta cuibhiúla, sábháilte agus fuinneamhéifeachtúla, chomh maith le cliseadh an mhargaidh an bhearna éifeachtúlachta fuinnimh a dhúnadh;

18. á chur in iúl gur geal léi ‘Plean Gníomhaíochta BEI maidir le Tithíocht Inacmhainne agus Inbhuanaithe’ ina bhfuil infheistíochtaí EUR 10 mbilliún beartaithe sa dá bhliain amach romhainn; ag tarraingt aird ar an toradh a bhí ar anailís Ghrúpa BEI agus ar chruinniú na ngeallsealbhóirí, inar léiríodh bearna infheistíochta bhliantúil mheasta ó EUR 300 billiún go EUR 400 billiún a bhfuil gá léi chun 1.5 milliún aonad tithíochta nua a thógáil agus chun 5 mhilliún aonad breise a athchóiriú gach bliain;

An tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint a mhaoiniú

19. á chur in iúl gur geal léi cur chuige réamhghníomhach BEI i réimse na slándála agus na cosanta; á thabhairt chun suntais gur mhéadaigh an infheistíocht san earnáil sin faoi dhó in 2024 go EUR 1 bhilliún, agus go bhfuil sé beartaithe le plean 2025 BEI í a dhúbailt arís go EUR 2 bhilliún, an leibhéal is airde riamh; á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá cistiú ar an leibhéal Eorpach, bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, chun freastal do riachtanais shuntasacha chistiúcháin na mBallstát;

20. á chur in iúl gur geal léi plean BEI chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chreat oibríochtúil, lena mbunaítear sprioc thiomnaithe idirdhisciplíneach beartais phoiblí chun síocháin agus slándáil na hEorpa a fheabhsú, le tacaíocht ó leithdháileadh uaillmhianach airgeadais agus caipitil[10];

21. ag tabhairt rabhaidh nach mór d’aon choigeartú ar chritéir incháilitheachta nó cistiú Ghrúpa BEI chun ailíniú le tosaíochtaí nua staid airgeadais an Ghrúpa a choimirciú agus maoiniú éifeachtach ar thosaíochtaí straitéiseacha eile an Aontais a áirithiú;

Comharsanacht BEI agus Global Gateway

[10] Litir ó Uachtarán BEI, Nadia Calviño, chuig ceannairí an Aontais an 4 Márta 2025.

22. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht ríthábhachtach BEI don Úcráin i bhfianaise chogadh foghach iomlán agus neamhdhleathach na Rúise; á iarraidh go méadófaí ráthaíochtaí buiséid an Aontais chun ligean do BEI leanúint d'oibríochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí san Úcráin a chur ar fáil agus a neartú;

23. á chur in iúl gur geal léi ról BEI in Global Gateway mar ról ríthábhachtach do sheasamh domhanda na hEorpa agus chun an córas iltaobhach riailbhunaithe, an fhorbairt inbhuanaithe, an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn;

Rialachas: cuntasacht agus trédhearcacht

24. á chur i bhfáth gur cheart cuntasacht dhaonlathach agus trédhearcacht níos fearr a bheith ag gabháil le ról méadaitheach BEI; á athdhearbhú a hiarrata ar chomhaontú idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa agus BEI;

25. á chur in iúl gur geal léi Creat 2024 chun ceardchumainn ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a aithint;

26. á chur in iúl gur geal léi prionsabail BEI maidir le héagsúlacht, cothromas agus cuimsiú, lena n-áirítear an sprioc go mbeidh 40 % ar a laghad de na poist bhainistíochta ag mná faoi dheireadh 2026;

27. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Fáiltítear sa tuarascáil roimh thosaíochtaí straitéiseacha BEI do 2024-2027, atá ailínithe go dlúth le príomhchuspóirí polaitiúla an Aontais, lena léirítear ullmhacht an bhainc dul in oiriúint do bheartais atá ag teacht chun cinn agus é fós tiomanta do spriocanna fadtéarmacha.

I bhfianaise an iliomad dúshlán inmheánach, an ghá atá le hinfheistíochtaí a bheith ann sa todhchaí, agus an teannais gheopholaitiúil atá ag dul i méid, iarrtar go láidir ar BEI ról níos mó a bheith aige chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais infheistíochta na hEorpa agus chun tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais a chistiú. Is príomhghníomhaí é Grúpa BEI maidir le hinfheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a shlógadh ar fud na hEorpa agus tá sé ríthábhachtach acmhainneacht an bhainc a uasmhéadú chun an leas is fearr is féidir a bhaint as infheistíochtaí. Mar sin féin, oibríonn sé laistigh de shainordú sainithe agus d'acmhainneacht airgeadais shainithe nach féidir ach ról tacaíochta a bheith aige agus aghaidh á tabhairt ar an mbearna shuntasach infheistíochta san Eoraip. Chun a thionchar a uasmhéadú, tá gá le tacaíocht struchtúrach agus airgeadais níos leithne trí Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) níos comhtháite agus trí struchtúr eacnamaíoch neartaithe. Dá dtabharfaí Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Baincéireachta chun críche, mar aon le hionstraimí agus uirlisí buana infheistíochta de chuid an Aontais a bhunú, chruthófaí creat níos láidre, lena gcuirfí le cumas na hEorpa infheistíochtaí a shlógadh go héifeachtach agus go hinbhuanaithe, agus chuideodh sé leis an mbearna infheistíochta ar fud an Aontais a dhúnadh. Ní mór do na Ballstáit agus don Choimisiún araon dlús a chur lena n-iarrachtaí chun é sin a bhaint amach.

Díríonn tuarascáil bhliantúil na bliana seo ar na príomhthopaicí seo a leanas: an bhearna infheistíochta a dhúnadh agus iomaíochas a chothú; an t-aistriú digiteach a chur chun cinn; ról BEI mar bhanc aeráide an Aontais a chomhdhlúthú; aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa bhonneagar sóisialta, sa bheartas comhtháthaithe agus sa tithíocht; an tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint a mhaoiniú; agus ról BEI sa chomharsanacht agus Global Gateway. Thairis sin, glacann sé seasamh maidir le rialachas BEI agus iarrann sé an athuair go mbeadh comhaontú idirinstitiúideach ann idir Parlaimint na hEorpa agus BEI.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
European Commission
European Economic and Social Committee
European Investment Bank
The European Federation for Public, Cooperative and Social Housing (Housing Europe)

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.